Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 17 Eanáir 2022**
**(OR. en)**

**5374/22**

**TRANS 23**
**DELACT 6**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 14 Eanáir 2022 |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2022) 7 final |
| Ábhar: | TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE **maidir le feidhmiú tharmligean na gcumhachtaí ar an gCoimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh de bhun Airteagal 5 (1) agus 50 de Threoir 2016/797/AE** |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2022) 7 final.

Faoi iamh: COM(2022) 7 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 13.1.2022
COM(2022) 7 final

**TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE**

**maidir le feidhmiú tharmligean na gcumhachtaí ar an gCoimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh de bhun Airteagal 5 (1) agus 50 de Threoir 2016/797/AE**

**1. Réamhrá**

Le hAirteagal 5(1) agus 50 de Threoir 2016/797/AE[1], tugadh cumhachtaí don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh. Tugadh na cumhachtaí seo don Choimisiún ar feadh tréimhse 5 bliana ón 15 Meitheamh 2016 agus ba cheart iad a fhadú go hintuigthe ar feadh tréimhsí a bhfuil an fad céanna acu.

**2. An bunús dlí le haghaidh na tuarascála**

De bhun Airteagal 50(2) de Threoir 2016/797/AE, ba cheart don Choimisiún tuarascáil a dhréachtú maidir leis an tarmligean cumhachtaí arna soláthar, tráth nach déanaí ná naoi mí roimh dheireadh na tréimhse cúig bliana, mar sin roimh 15 Meán Fómhair 2020. Aithníonn an Coimisiún go hiomlán go bhfuil an tuarascáil seo a chur isteach go déanach agus is oth leis go mór an méid sin.

**3. An tarmligean a fheidhmiú**

Taispeánann an tábla seo a leanas na bearta sonracha faoi na cumhachtuithe ábhartha:

| Na cumhachtuithe i dTreoir 2016/797/AE | Tuairisc ar an gcumhachtú sa ghníomh tarmligthe |
|---|---|
| Airteagal 5(1) | Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 50 maidir leis an méid a leanas:<br>• Raon feidhme geografach agus teicniúil na Sonraíochtaí Teicniúla don Idir-inoibritheacht<br>• Na bunriachtanais is infheidhme<br>• Liosta na ndálaí rialála, teicniúla agus oibríochta atá le comhchuibhiú ar leibhéal na bhfochóras agus ar leibhéal na gcomhéadan idir na fochórais agus an leibhéal comhchuibhithe a bhfuiltear ag súil leis<br>• Na nósanna imeachta dírithe ar iarnród chun fíorú CE na bhfochóras a mheas<br>• Na catagóirí foirne a bhfuil baint acu le hoibriú agus cothabháil na bhfochóras lena mbaineann agus na cuspóirí ginearálta chun na híoscheanglais maidir le cáilíochtaí gairmiúla agus coinníollacha sláinte agus sábháilteachta a leagan síos don fhoireann lena mbaineann<br>• Aon ghné eile is gá a chur san áireamh chun idir-inoibritheacht de bhun Airteagal 1(1) agus (2) a áirithiú laistigh de chóras iarnróid an Aontais, amhail STI a ailíniú le caighdeáin nó sonraíochtaí |

[1] Treoir (AE) 2016/797 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Bealtaine 2016 maidir le hidir-inoibritheacht an chórais iarnróid laistigh den Aontas Eorpach IO L 138, 26.5.2016, lch. 44

| | |
|---|---|
| | Eorpacha agus idirnáisiúnta |

Tá an Coimisiún tar éis a chumhachtú a fheidhmiú chun Cinneadh Tarmligthe (AE) 2017/1474 ón gCoimisiún an 8 Meitheamh 2017 a ghlacadh, Cinneadh lena bhforlíontar Treoir (AE) 2016/797 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le cuspóirí sonracha i ndáil le Sonraíochtaí Teicniúla don Idir-inoibritheacht a dhréachtú, a ghlacadh agus a athbhreithniú.

Leagtar amach i dTreoir (AE) 2016/797 an t-ábhar agus roinnt cuspóirí ginearálta a bhaineann leis na Sonraíochtaí Teicniúla don Idir-inoibritheacht. Leagtar amach sa Chinneadh Tarmligthe tacar comhleanúnach de chuspóirí sonracha, tacar ar cheart a chomhtháthú sna Sonraíochtaí Teicniúla don Idir-inoibritheacht chun idir-inoibritheacht a fheabhsú agus é a dhéanamh indéanta ag an am céanna seirbhísí iompair iarnróid a éascú, a fheabhsú agus a fhorbairt laistigh den Aontas agus le tríú tíortha agus rannchuidiú le críochnú an limistéir aonair iarnróid Eorpaigh agus gnóthú de réir a chéile an mhargaidh inmheánaigh.

Is iad seo a leanas na Sonraíochtaí Teicniúla don Idir-inoibritheacht a chumhdaítear leis an gCinneadh Tarmligthe:

- STI- Rothstoc - Innill féinghluaiste agus Paisinéirí
- STI- WAG
- STI- Torann
- STI- Rialú agus Ceannas agus Comharthaíocht
- STI- Fuinneamh
- STI- Bonneagar
- STI- Paisinéirí faoi Mhíchumas nó Paisinéirí a bhfuil a Soghluaisteacht Laghdaithe
- STI- Oibriú agus Bainistiú Tráchta
- STI- Sábháilteacht i dTolláin Iarnróid
- STI- Feidhmchláir theileamaitice i gcomhair seirbhísí Paisinéirí
- STI- Feidhmchláir theileamaitice i gcomhair Seirbhísí Lasta

## 4. Conclúid

Leis an tuarascáil seo, tá an oibleagáid tuairiscithe de bhun Airteagal 50(2) de Threoir 2016/797/AE á chomhlíonadh ag an gCoimisiún.

Iarrann an Coimisiún ar an gComhairle agus ar Pharlaimint na hEorpa an tuarascáil seo a thabhairt dá n-aire.